

Scéal ó dheas

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi iascairí sa Daingean. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos?

- ❖ preventing
- ❖ trawlers
- ❖ to land fish
- ❖ must
- ❖ in light of
- ❖ quay
- ❖ crews
- ❖ harbour
- ❖ rejected
- ❖ every boat is obliged to
- ❖ monitoring

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.



Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus déan achoimre don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3

Ceisteanna sa Ghaeilge

1. Féach ar na ceisteanna coitianta seo. Cén cheist a bhfuil an clásal coibhneasta **indíreach** inti?

Conas atá tú?

Cad é mar atá tú?

Cén chaoi a bhfuil tú?

2. Féach ar na focail seo ar fad a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh. Cé na cinn a ghlacann an clásal coibhneasta **díreach** agus cé na cinn a úsáideann an clásal coibhneasta **indíreach**?

Cuir na focail sna boscaí cearta:

cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit, cén fad, cén uair, cad é mar, cén dóigh

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach

3. Cum ceisteanna **faoin tuairisc**, leis na focail atá sna boscaí faoi cheist 2 anois; agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mar shampla:

- ✓ *Cé a bhí ag blocáil na cé?*
- ✓ *Cén fáth a bhfuil imní ar na hiascairí?*

Ceist 4 An tuiseal tabharthach

Éist go cruinn le Seán Mac an tSíthigh sa mhír agus breac síos gach sampla den tuiseal tabharthach a úsáideann sé.

Ceist 5 ‘...a chur i dtír...’ agus ‘...teacht i dtír...’

Cuir na nathanna úsáideacha seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

- *teacht i dtír ar rud*
- *teacht i dtír ar dhuine*
- *beatha a thabhairt i dtír*
- *i mbéal na tíre*
- *fágtha idir dhá thír*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil daoine in Éirinn ag cloí le scaradh sóisialta, dar leat?
2. An aontaíonn tú leis na hiascairí sa Daingean gan cead a thabhairt d’iascairí eachtrannacha teacht i dtír? Cén fáth?
3. Cén dochar atá géarchéim an choróinvíris ag déanamh don tionscal iascaireachta?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

preventing – *ag cur cosc ar*
trawlers – *trálaeir*
to land fish – *iasc a chur i dtír*
must – *nach mór*
in light of – *i bhfianaise*
quay – *cé*
crews – *criúnna*
harbour – *cuan*
rejected – *diúltaithe*
every boat is obliged to – *tá dualgas ar gach bád*
monitoring – *monatóireacht*

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt achoimre a dhéanamh ar an tuairisc agus iad a phlé le chéile.

Ceist 3

1. 'Cén chaoi **a bhfuil** tú?' Is é **a bhfuil** an leagan coibhneasta indéireach de **tá/atá**.
- 2.

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indéireach
<i>cé chomh minic, cad, cé, cathain, conas, céard, cén fad, cén uair, cad é mar</i>	<i>cad chuige, cén chaoi, cén tslí, cén fáth, cén áit, cén dóigh</i>

3. Ceisteanna samplacha:

Cad a bhí ag tarlú sa Daingean?
Cé a bhí ag caint sa mhír?
Cathain a tharla an eachtra?
Conas a fhaigheann na trálaeir ola?
Céard a bhí páirceáilte ar an taobh eile den bhaile?
Cén fad atá na trálaeir iasachta ag fanacht ar muir?
Cén uair a thosaigh an bhacainn seo?
Cad é mar atá an aimsir sa mhír?

Cad chuige a bhfuil imní ar na hiascairí?
Cén chaoi a dtugtar ola do na báid?
Cén tslí nach bhfuil monatóireacht ar siúl?
Cén fáth a dteastaíonn ó na hiascairí cosc a chur ar na criúnna iasachta dul isteach faoin mbaile?
Cén áit eile a bhfuil cosc ar iascairí iasachta teacht i dtír?
Cén dóigh a bhfuil Séan Mac an tSíthigh gléasta?

Ceist 4

- ón iasacht
- do na criúnna
- faoin mbaile
- faoi COVID-19
- de bháid iascaigh

- ón Spáinn
- ón bhFrainc
- i mBá
- ón gcuan
- ar an taobh (*ar an dtaobh a dúradh*)
- den mbaile
- ar gach bád
- ar an bpróiseas
- ar an gcé
- ón iasacht
- ón gcósta
- i mBaile
- i bhfeidhm
- i dtír

Ceist 5

teacht i dtír ar rud – to make a living out of something
teacht i dtír ar dhuine – to take advantage of someone
beatha a thabhairt i dtír – to make a living
i mbéal na tíre – the talk of the town
fágtha idir dhá thír – stranded abroad

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Ó dheas, tá iascairí sa Daingean, i gContae Chiarraí, ag cur cosc tráthnóna ar thrálaeir ón iasacht iasc a chur i dtír ar an gcéibh¹ ansin. Deir na hiascairí nach mór monatóireacht níos déine a dhéanamh ar bháid ón iasacht i bhfianaise COVID-19.

Seán Mac an tSíthigh

Iascairí an Daingin agus cé an bhaile blocáilte acu; ag súil le trálaeir ón iasacht le lódálacha² éisc anseo go luath. Ach, deir na hiascairí anseo nach gceadóidh siad do na criúnna teacht aníos faoin mbaile. Imní orthu faoi COVID-19.

Tá trí cinn de bháid iascaigh ón Spáinn agus ón bhFrainc ag fanacht amuigh i mBá an Daingin, tuairim is ocht míle ón gcuan anseo. Agus, tá dhá leoraí páirceáilte ar an taobh eile den mbaile, cead isteach anseo diúltaithe dóibh.

Robert Brosnan

Bhuel, táimid ag stopadh na daoine ag teacht amach ó na báid seo ag dul suas an ché agus tríd an mbaile mar tá an pobal an-bhuartha faoi sin. Ach, níl aon chosc, nílimid ag cur aon chosc ar thruc ola chun dul síos chucu, chun ola a thabhairt dóibh chun dul abhaile.

Seán Mac an tSíthigh

Tá dualgas ar gach bád fógra sláinte COVID-19 a chur ar fáil, ach deir na hiascairí nach bhfuil monatóireacht á déanamh ar an bpróiseas ar an gcé féin.

Labhrás Ó Curnáin, Iascaire

Tá páipéar ag baint leis an rud seo, an saghas 'health declaration' is ea é, agus níl aon duine ag teacht síos ag féachaint air. Teastaíonn uainn go mbeadh sé seo curtha i bhfeidhm ag duine éigin agus a mbeadh ag féachaint ar na báid atá ag teacht isteach sa mbaile seo.

Seán Mac an tSíthigh

Tráthnóna, tá na trálaeir ón iasacht amach ón gcósta go fóill agus iascairí i mBaile Chaisleáin Bhéarra chun na bacanna³ céanna a chur i bhfeidhm má dhéantar iarracht teacht i dtír ansin.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, An Daingean.

¹ *cé* an leagan caighdeánach

² *lóid* an leagan caighdeánach

³ *baic* an leagan caighdeánach